Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Eanáir 2025
(OR. en)

5131/25

LIMITE

CORLX 17
CFSP/PESC 30
RELEX 11
CYBER 7
JAI 17
FIN 13

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit |

1. An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 agus Rialachán (AE) 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

2. An 9 Nollaig 2024, chomhaontaigh an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna gur cheart seisear a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796.

3. An 10 Eanáir 2025, chuir Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (5127/25) agus le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (5129/25).

4. An 13 Eanáir 2025, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú faoi théacsanna an dréachtchinnidh ón gComhairle agus an dréachtrialacháin cur chun feidhme ón gComhairle.

5. Sna himthosca sin, iarrtar ar Coreper an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú a dhearbhú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle agus an dréachtrialachán cur chun feidhme ón gComhairle;

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 5128/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

– a mholadh don Chomhairle an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 5130/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

– a mholadh don Chomhairle an fógra a fhoilseofar i Sraith 'C' den Iris Oifigiúil, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas;

– a mholadh go bhformheasfadh an Chomhairle an fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí atá le foilsiú i sraith 'C' den Iris Oifigiúil, mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nóta seo.

PUBLIC

**Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle[+], agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle([2]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[uimhir] ón gComhairle[++] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

PUBLIC

Dírítear aird na ndaoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/[*uimhir*]+ ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[uimhir]++ ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine a luaitear sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin na forais ar a ndearnadh na daoine lena mbaineann a liostú.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit, chun údarú a fháil cistí reoite aúsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach.

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 14 Feabhra 2025**, ag an seoladh a leanas:

---

**1** IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 5128/25.

**2** IO L 129 I, 17.5.2019, lch.1

++ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin in 5130/25.

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

PUBLIC

**<u>IARSCRÍBHINN II</u>**

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle[1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/xxx[+] ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/796(2) ón gComhairle[++], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/xxx ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

PUBLIC

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is iad is bunúis dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle[+], agus Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[*uimhir*]++ ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Chaidreamh Seachtrach (RELEX) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na próiseála seo; agus is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175

1048 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

1 IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 5128/25.

2 IO L 129 I, 17.5.2019, lch.1

++ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin in 5130/25.

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2019/797/CBES, arna leasú le Cinneadh 2025/[uimhir][+] ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2019/796, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/[*uimhir*] ón gComhairle[+++].

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann le forais an liostaithe.

Is iad na Cinntí ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 29 CAE agus Rialacháin ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 215 CFAE lena n-ainmnítear daoine nádúrtha (ábhair sonraí) agus lena bhforchuirtear an reo sócmhainní agus na srianta taistil is bunús dlí do láimhseáil sonraí pearsanta.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích ar cúram é a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a) agus chun oibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos sna gníomhartha dlí thuasluaite a bhfuil an rialaitheoir faoina réir i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Féadfaidh an Chomhairle sonraí pearsanta ábhar sonraí a fháil ó na Ballstáit agus/nó ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Is iad na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a fhaigheann na sonraí pearsanta.

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 5128/25.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin in 5130/25.



PUBLIC

Coimeádfar na sonraí pearsanta uile a phróiseálann an Chomhairle i gcomhthéacs bhearta sriantacha uathrialacha an Aontais go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir reo sócmhainní nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag nó, má thugtar caingean dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais, go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach. Coimeádann an Chomhairle sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a chláraíonn an Chomhairle chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir bhrí Airteagal 4(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/1725.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gComhairle sonraí pearsanta maidir le hábhar sonraí a mhalartú le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs thrasuí ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe arna dhéanamh ag an gComhairle nó i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta i ndáil le beartas an Aontais i dtaca le bearta sriantacha.

In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó coimircí iomchuí, tá aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta bunaithe ar an gcoinníoll nó na coinníollacha seo a leanas, de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1725:

- is gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail;
- is gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Níl aon chinnteoireacht uathoibrithe i gceist agus sonraí pearsanta an ábhair sonraí á bpróiseáil.

Tá an ceart chun faisnéise ag ábhair sonraí chomh maith leis an gceart rochtana ar a gcuid sonraí pearsanta féin. Tá sé de cheart acu freisin a gcuid sonraí a cheartú agus a chomhlánú. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheart acu a éileamh go scriosfaí a gcuid sonraí pearsanta, agóid a dhéanamh faoina gcuid sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil nó a iarraidh go ndéanfaí an phróiseáil sin a shrianadh.

Is féidir le hábhair sonraí na cearta sin a fheidhmiú trí ríomhphost a sheoladh chuig an rialaitheoir agus cóip a sheoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí mar a léirítear thuas.

I gceangal lena n-iarraidh, ní mór do na hábhair sonraí cóip de dhoiciméad aitheantais (cárta aitheantais nó pas) a sholáthar chun a gcéannacht a dhearbhú. Ba cheart uimhir aitheantais, tír eisiúna, an tréimhse bhailíochta, ainm, seoladh agus dáta breithe a bheith ar an doiciméad sin. Féadfar dath dubh a chur ar aon sonraí eile atá sa chóip den doiciméad aitheantais, mar shampla grianghraf nó saintréithe pearsanta eile.

PUBLIC

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

Sula ndéanfaidh siad amhlaidh, moltar do na hábhair sonraí féachaint ar dtús leis an scéal a leigheas trí dhul i dteagmháil leis an rialaitheoir agus/nó le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

PUBLIC